

Rug eadrain ar iath nAlban

[W. J. Watson, 'Unpublished Gaelic poetry IV, V' *Scottish Gaelic Studies* 3, 139-59: 152-9]

1 Rug eadrain ar iath nAlban,
ón decair í d'ionnarbadh,
fear cabhra Gaoidheal is Gall,
saoirfhear gan labhra ar leatram.

2 Ársaidh ar ccríoch do chosnamh,
ar mionn óir, ar n-árasbhrugh;
lámh Osgair a n-am feadhma,
ar ccrann fosguidh fíneamhna.

3 Madh síoth madh cogadh do chách,
MacCailín is é ar n-ursgáth;
lámh leantar mar thuinn ttoruidh,
Eachtair an fhuinn Albanuigh.

4 Poimpe maighe mhaicne Duibhne,
Cato a ccruth a ríoghchuimhne,
Sésar le sénuibh ccatha,
's é go mbésuibh mbuan-fhlatha.

5 Fear ar ccoimhéid-ne a ccúirt ríogh,
chonmhas síoth 's nach ob eisíoth;
fuiingidh soin créctfhoghuil ccuim,
mar Choin ccédfadhuigh cCulainn.

6 Leómhan léimneach tar gach toigh,
triath chothuighthe a ccreidimh;
a n-iath Alban 'n a phosda triath,
go n-ardbhladh n-eaglasda.

7 Go bhfuil 'na Mharcus ar méd,
tré itche cliar da choimhéd;
dóigh le cách tuaith is theas
gur 'na thráth fuar gach flaitheas.

8 Do bhéir tré chomhrádh ccunnail
aimsir eile ar th'agalluimh,
a mhéin ríoghdha, a sgiath sgaoilte,
a thriath dhíona an Duibhnaicme.

9 Ní chreidim nach cuala sibh
gur aomadar mic Mílidh
cur na bfileadh tar sál soir
gan dligheadh tar Chlár Conghail.

10 A h-ucht a n-ainbhreithe féin
as do h-ionnarbadh iadséin,
cliar Bhanbha na mbreath ccoimheach,
a dhearc amhra ionnsoigheach.

11 Ní h-ionann dóibh is damhsa,
ní bhead is cách codarsna,
áros an ghrianfhuinn ghuirmghil,
ort gé iarruinn athchuinge.

12 Do fosdadh le Coin na ccleas
tré oineach an t-ord éigeas,
mar dhearbhtar ar bheithir Bhreagh,
do neamhthoil cheithre ccóigeadh.

13 Gá córa do Choin cCulainn
iomchar uilc is anfhulaing,
a dhonnabhruigh shaoir gan tsal,
ná daoibh d'ollamhnuibh Alban?

14 Da mhó th'ainm ar aoi ngarma,
mó th'inmhe, as fearr th'athardha,
iná Cú comhluinn na ccleas
anú a bfoghlaim 'sa bflaitheas.

15 A Mhic MhicCailín, éisdidh inn;
déna dhamhsa bhur ndichioll;
bi ar mo shon ag labhra libh,
adhbhar dom chur a ccéimibh.

16 A chodhnuigh chloinne Duibhne,
an tan-sa éisd m'orfhuighle;
gabh 'na thráth m'égnach at ucht,
a chédrath, a bhláth bheannacht.

17 Léigidh dhamh dúthchas m'athar,
a n-onóir na h-ealadhan,
a ghéig tarla fá thoradh,
do mhéd th'anma is adhmholadh.

18 Tuig féin, a sgeallán na sgol,
's a rélta eoil na n-ollamh,
ós tú is coimhdhe dod chinneadh,
nach dú oirne th'aindligheadh.

19 Cíos na n-aithreach ór fhás mé,
díghruis gráidh, cruas a cceirde,
caidhe mál as buaine bladha,

a lámh as cruaidhe a ccogadh?

20 Ní h-ór, ní h-ionmhus eile,
do ghéibha uaim d'áiridhe,
ní cána no comha cruidh,
acht rogha ar ndána dheacruigh.

21 Mairidh a sein-leabhruibh suadh,
's a ndíogluim ar ndrúacht bhfionnuar,
gach maith da ndiongantur dhamh,
a bhraithfhionn ardghlan iarladh.

22 Níor thuill th'athair, gá tám dhó,
sul tarraidh sé ainm iarla,
a choillbhile is tiogh toradh,
oirbhire ó fhir ealadhan.

23 A thriath oirdheirc fhóid Abha,
a sdiúrthóir chóig ccédfatha,
a bhile thairtheach ós tráigh,
a chridhe chaithmheach conáigh.

24 A thaobh tláith go tlacht ccuilce,
mo chúis ar do chomairce;
a throim-meanmhna nach beag bladha,
a léag loinneardha lóghmhar.

25 A cheannlaoch Locha Fíne,
a chraobh óir na h-airdríge,
a fhir nár dhonnadh le dáimh,
ná sir ar th'ollamh éadail.

26 A Chonail Chearnaigh ar ghoil,
a fhogluim Arasdotuil,
ó do chneasghuin ní dú dradh,
a chnú chleasruidh an chomhruig.